

Coláiste na bPiarsach

Nuachtlitir

Cáisc 2017



Lá na ngeansaithe - Feabhra 2017



Múinteoir gairmthreorach **Patricia Uí Fhlaithearta** agus scoláirí na hArdteistiméireachta in éineacht le **Cassie Ní Chathasaigh** as Acadamh na hOllscoile, Gaillimh.



Focal ón bPríomhoide.

A scoilphobal Choláiste na bPiarsach,

Tá saoire na Cásca beagnach buailte linn agus tréimhse gnóthach curtha i gcrích ag scoláirí agus múinteoirí na scoile. Tá go leor oibre ach go h-áiríte, curtha isteach ag scoláirí na hArdteistiméireachta agus scoláirí an Teastas Shóisearaigh i dtaobh na mbréagscrúduithe stáit agus freisin na scrúduithe béil agus praiticiúla. Ach níl an cluiche thart go fóill. Níl muid ach ag leath am. Tá roinnt mhaith le déanamh idir anois agus na scrúduithe i mí an Mheithimh. Coinnigh suas an obair, glac le treoir agus cúnamh ó do mhúinteoirí agus tuismitheoirí. Beidh an samhradh breá fada i gcóir scith a ghlacadh. Molaim freisin obair na ngasúr eile sa scoil ón Nollag.

Bhí roinnt mhaith imeachtaí a tharla ón tréimshe deireanach a labhair mé libh. Tá súil agam gur bhain na scoláirí taitneamh agus tairbhe astu. Táim buíoch i gcónaí do na múinteoirí a thoilíonn na himeachtaí céanna a eagrú. Déanaim comhghairdeachas chomh maith le **Bridie Uí Chónamha** agus **Maryann Nic Dhonnchadha** as ucht na dea-mholtaí a fuaireadar i gcigireacht ábhar na hEolaíochta le gairid.

Ar deireadh, bhí oíche álainn againn ar an dara lá deag d'Feabhra nuair a chuir muid fáilte roimh scoláirí rang a 6 agus 5 le linn oíche oscailte na scoile. Is léir gur grúpa deas scoláirí iad agus cuirfidh siad aithne mhaith ar a chéile le linn an champa samhraidh i mí an Mheithimh.

Bainigí sult as an saoire.

Peadar Ó Loideáin (Príomhoide)



Scoláirí na dara bliana ag obair go dian sna hábhair phraiticiúla





Bid An Droichid 1923 - 2017

Nuair a bhí Gairmscoil na bPiarsach ag ceiliúradh 75 bliain ó bunaíodh í sa bhliain 2009, bhí sé mar onóir agus pribhléid agam seal a chaitheamh le **Bid an Droichid** agus a cuid cuimhní cinn a chur ar pháipéar. Chaith Bid timpeall trí bliana sa teic ag deireadh na dtríochaidí agus tús na gceathrachaidí. Chuir sí síos dom ar an ngarraí glasraí agus crainnte úll agus cuiríní dubha a bhí curtha ag na buachaillí ar chúl na scoile chomh maith leis na ranganna Eolaíochta a mbíodh siad ag úsáid mearcair nó "an t-airgead beo" mar a thugtaí air ag an am.

Bhíodh sí ag imirt camáin ar an gcriathrach trasna an bhóthair ón scoil (san áit a bhfuil Páirc na bPiarsach anois). Théadh na cailíní ar rothair go Ros a Mhíl le himirt in aghaidh Gairmscoil na Ceathrún Rua. Thugadh an **Máistir Ó Donnachú** leis na camáin sa charr. Amannta eile, théadh siad ar bhus ag imirt i gcoinne an Chreagáin agus teic Bhéal Átha na Sluaighe.

Bhí an mheas ag Bid ar an máistreas Tíos, Miss Ferry. Thugadh sí cúnamh do Miss Ferry le jabanna beaga agus bhí cuimhne aici gur thug Miss Ferry buidéal beag cumhrán dí darbh ainm "*Californian Poppy*". Faoi chúram Miss Ferry, rinne Bid cúrsa "*Red Cross*" sa teic le linn an chogaidh agus chuaigh siad ar pharáid le brainse na Croise Deirge in Uachtar Ard. Tógadh an griangraf thuas ar an lá. Tá Bid ar chúl (an 10ú duine ó taobh na láimhe deise den phictiúr) agus an máistreas Tíos **Nellie Ferry** (chun tosach - an 5ú duine).

Le linn dí a bheith sa teic fuair Bid ceann de scoláireachtaí na "teicers" agus chaith sí 6 seachtaine ar an gcúrsa. Chaith sí seal ag obair sa mhonarcha cniotala i Ros Muc. Phós sí **Maidhcó Pheige Ghriallais** i 1946. Bhí seisean ina fhreastalaí sa teic ar feadh tréimhse. Go ndéanfaidh Dia trócaire orthu beirt. Ní bheidh a leithéid arís ann.

(Bridie Uí Chonámha)

†

Comhbhrón

Ba mhaith linn comhbhrón a dhéanamh

le

**Clann Uí Ghriallais,
Cill Bhriocáin
agus
Gleann Chatha
ar bhás Bhid.**

Ar dheis Dé go raibh a hanam.

†



Hamlet

Thug na múinteoirí Béarla **Brian Ó hAinnidh** agus **Máirín Ní Mhainnín** an Ard Teist go dtí an dráma Hamlet i gCathair na Mart le déanaí. Bhain siad go léir sult as.



Scoláirí an Choláiste ag Comortás Eolaí Óga BT san RDS le gairid.

TG4 Foghlaim

Bhí lá iontach ag foireann **TG4 Foghlaim** i Ros Muc, le déanaí ag taifead le daltaí ó Choláiste na bPiarsach.



Gairmscoil na bPiarsach, Ros Muc,
091-574100
Ríomhphost: piarsach@gretb.ie
www.gairmscoilnabpiarsach.com

